

☘ An Lúibín ☘

28 Lúnasa 2008

Daonscoil 2009

Beidh **Daonscoil 2009** ar siúl ón Domhnach 4 Eanáir 2009 go dtí an Domhnach 11 Eanáir 2009 i gCampa Lady Northcote, in aice le Bacchus Marsh, Victoria. Beidh ranganna ann do gach leibhéal ó fhoghlaimeoirí go dtí cainteoirí líofa, agus buailfidh tú le daoine as gach cearn ann.

Is gearr go mbeidh bróisiúr agus foirm ar fáil ar www.gaeilgesanastrail.com.

Táillí

Duine fásta	\$470
Dalta scoile (5-15 d'aois):	\$355
Páiste (aged 2-4 d'aois)	\$235
Táille laethúil:	\$75 (lón, suipéar, iostas oíche agus bricfeasta)

Daltaí ón iasacht agus an Ghaeilge

Gaelscoileanna would like to attract pupils from Ireland's immigrant population. In the meantime, research is afoot on the effect on education of cultural diversity.

Anois, agus Éire lán de dhaoine as tíortha eile, tá lucht gaelscolaíochta ag iarraidh páistí na 'nÉireannach Nua' a mhealladh isteach sna gaelscoileanna. Tá fógraí i bPolainnis sa nuachtán ilchultúrtha *Metro Éireann*, agus bileoga scaipthe i dteangacha eile. Cibé fáilte atá roimh na páistí sin is deacair breith orthu, agus fonn ar thuismitheoirí ón iasacht go bhfaigheadh a gclann máistreacht ar an mBéarla. Is deacair a áiteamh orthu gur féidir le páistí gan Bhéarla an teanga a fhoghlaim go maith i scoil lánGhaeilge agus lasmuigh den scoil chomh maith. Is gá taighde a dhéanamh ar na deacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag páistí gan Bhéarla atá ag freastal ar ghaelscoileanna agus teanga eile ar fad á labhairt sa bhaile acu.

Mar sin féin, tá cuid mhaith páistí ón iasacht i ngaelscoileanna éigin, agus uaireanta cuirtear áiteanna i leataobh i gcomhair na bpáistí sin. Uaireanta, áfach, níl gaelscoil le fáil i gceantar áirithe agus gan de rogha ag thuismitheoirí ach scoil lánBhéarla, cé go bhfuil an deacracht sin á sárú de réir a chéile.

Tá suim ag an Roinn Oideachais san éagsúlacht chultúrtha a bhaineann le daltaí i scoileanna na tíre agus sa tionchar atá aici sin ar sholáthar acmhainní. Iarradh ar an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) staidéar a dhéanamh ar an teacht atá ag páistí ón iasacht ar oideachas, ar an bpáirt a ghlacann siad sa scolaíocht agus ar an gcaighdeán a bhaintear amach. Mar chuid de sin tá taighde á dhéanamh ar cá mhéad páiste ón iasacht atá ag freastal ar ghaelscoileanna, agus beidh toradh an taighde sin le fáil an bhliain seo chugainn. Is fios cheana go bhfuil timpeall 7% de dhaltaí trí chéile le fáil i scoileanna lánGhaeilge.

Tá Eagraíocht an Chomhoibríthe agus na Forbartha Geilleagraí (OECD) ag déanamh taighde ar cén rath a bhíonn ar inimiricigh i scoileanna an domhain fhorbartha, agus iniúchfar na gaelscoileanna dá bharr.



Éamonn Rice agus na Bráithre

A seminar in Melbourne on Edmond Rice (about whom surprisingly little is known) and the Irish Christian Brothers.

Ar 19/8/08 bhí seimineár i gColáiste Newman, Ollscoil Mhelbourne, faoi *Edmund Rice: History and Hagiography*. Ba é an Dr Daire Keogh ó Ollscoil Chathrach Bhaile Átha Cliath an cainteoir, duine a bhfuil speisialtacht déanta aige de Rice agus atá tar éis *Edmund Rice and The First Christian Brothers* a fhoilsiú.

Thosaigh sé le cuntas ar an tsuim a chuireann múinteoirí atá ag obair anois i seanscoileanna na mBráithre san Astráil i scéal Rice, agus dúil acu sa traidisiún sin. Is iomaí caint a rinne sé anseo dá bharr. Bhí lámh ag na Bráithre ar gach saghas ruda agus níor mhar a chéile iad. (Ba Bhráthair Críostaí é John Philip Holland, mar shampla, an duine is mó ba chiontaí le cumadh an fhomhuireáin agus a bhíodh ag gabháil do ghiuirléidí agus é ina mhúinteoir.) Tá sé amuigh ar na Bráithre gur mhúin siad leagan náisiúnaíoch de stair na hÉireann, ach dúirt an Dr Keogh nach gá gur fíor é sin. San Astráil chuir siad iad féin in oiriúint do bhéasa na tíre nua

Tá ocht mbeathaisnéis d'Éamonn Rice ar a laghad ann, ach Bráithre a scríobh iad. Scéalta ón taobh istigh is ea iad agus iad ag tabhairt nod don eolaí, beag beann ar an ngnáthléitheoir, agus ní raibh dul amach ag na húdair ar na modhanna taighde is déanaí.

Rugadh Éamonn Rice sa bhliain 1762. Bhí a fhios aige cad ba leatrom ann san aois sin, ach bhí an leatrom ag laghdú. Bhí Caitlicigh go maith chun na péindlíthe a chlaonadh agus an deis a thapú. Bhíodh imreas eatarthu agus níor phobal comhtháite ar fad iad. B'íomaí aicme de Chaitlicigh ann: bhí muintir Rice féin go maith as, teach breá maisiúil acu agus na bochtáin ina dtimpeall.

Ní raibh an creideamh á chleachtadh go lándílis in Éirinn agus Rice óg: san Iarthar, roimh an nGorta, bhí líon na ndaoine a théadh ar Aifreann gach seachtain chomh híseal le 41%, agus ba leor dualgas na Cásca a chomhlíonadh, dar le cuid den chléir. Ach bhí an Eaglais á hathchóiriú ó ochtóidí an 18ú haois amach, agus chuidigh na Bráithre leis sin. Ba dhream soiscéalda iad a chuir teagasc Chomhairle Thrent i bhfeidhm.

Ní hé nach raibh tábhacht le cúrsaí creidimh roimh an nGorta, mar sin féin: rud beo ba ea Ifreann in intinn gach Críostaí. Níor thaitin scoileanna Protastúnacha leis na heaspaig, agus bhunaíodh na Bráithre a gcuid scoileanna in áiteanna a raibh scoileanna de shaghas eile cheana. Bhí fonn ar na heaspaig páistí a bhaint amach as scoileanna neamhChaitliceacha agus a mhalairt de scolaíocht a chur ar fáil. .

Bhí an-mhuinín ag gach dream san oideachas mar leigheas ar dhrochstaid na hÉireann. Go fiú sular bhain na Bráithre Port Láirge amach, mar shampla, bhí 67% de bhuachaillí na háite in ann léamh agus scríobh.

Anois, agus smál éigin ar chlú na mBráithre, tá meas fós ar Rice féin. Is léir gurbh fhear é a raibh tóir aige ar Dhia. Ar éigean atá aithne againn air; d'fhan sé ar an gcúlraid, agus b'annamh a d'éiríodh le cuairteoirí bualadh leis. Bhí sé pósta, ach is beag eolas atá againn faoina bhean chéile. Tá a fhios againn go raibh iníon aige, créatúr míchumasach a mhair go

dtí lár an 19ú haois agus a bhí á cothú ag a hathair. (Bhí sí ag fáil £12 in aghaidh na bliana lena coinneáil – tuarastal múinteora.) Dúirt cuid de naimhde Rice (agus ní raibh easpa naimhde air) go raibh páistí gréine aige ar fud na háite. Ach níor fhág sé dialann ina dhiaidh ná aon litreacha seachas litreacha gnó, agus ní féidir muinín a chur sa bhéaloideas a bailíodh nuair a bhí na Bráithre ag smaoineamh ar naomh a dhéanamh de tar éis a bháis. Fágann sin gur féidir leat do rogha duine a dhéanamh de – an fear inniúil gnó, an fear dílis céile, an fear éiceolaíoch féin. Beannaíodh é sa bhliain 1996.

Ní mór an líon buachaillí a fuair scolaíocht ó na Bráithre: faoi dhaichidí an 19ú haois bhí i bhfad níos mó buachaillí ag fáil oideachais ó na hAnglacánaigh. Ach bhí tionchar forleathan ag na Bráithre. Líon siad an bhearna idir na scoileanna scairte (mar a n-íoctaí na múinteoirí) agus na saorscoileanna Protastúnacha. Níor éiligh na Bráithre táillí, ach chuir siad caighdeán cothrom oideachais i bhfeidhm agus chuir treise ar obair chrua, ar an nglaineacht, ar mheon meánaicmeach agus ar Bhéarla. Scoileanna móra a bhí acu a mbeadh cúpla céad dalta iontu, agus iad in ann na scoileanna beaga Protastúnacha a mhúchadh dá bharr. Chuir na Bráithre ar chumas na mbuachaillí dul chun cinn sa saol. Ba shoiscéalaithe iad, agus mar shoiscéalaithe a tháinig siad chun na hAstráile féin: is féidir a rá fiú gur chuid iad den Fhrith-Reifirméisean, gluaiseacht a bhí ar siúl in Éirinn chomh déanach le lár an 19ú haois. Ach bhí an t-ord lán d'fhaicsin nuair a cailleadh Rice agus bior sa tine acu dá chéile.

Chun scoileanna a bhunú agus a reachtáil bhí airgead ag teastáil. Ar dtús bhíothas ag brath ar ghustal Rice féin, agus teacht isteach arbh ionann is milliún dollar Astrálach aige in aghaidh na bliana, ach ídíodh an t-airgead sin. Bhain na Bráithre triail as táillí i roinnt scoileanna ach fuair siad réidh leo. D'iarrfadh easpag ar na Bráithre scoil a chur ar bun ina dheoise agus rachadh sé in urrús ar fhir óga a bheadh ina múinteoirí sa scoil sin. Nuair a scrúdaíodh na cuntais tar éis bháis Rice sa bhliain 1844, áfach, fuarthas amach go raibh siad ina gciseach.

Ní mhúineadh na Bráithre cailíní toisc gur bhunaigh Nano Nagle Ord na Toirbhirte chuige sa bhliain 1775, ach dhéanadh Rice féin an chuntasóireacht dóibh. Bhain Nano Nagle agus Rice le baicle fíréan a raibh rún acu an t-oicheachas agus an creideamh a chur ar aghaidh.

Ní raibh spéis ar leith ag na Bráithre sa Ghaeilge le linn Rice, cé go raibh cainteoirí dúchais ina measc; is cosúil go raibh Gaeilge ag Rice féin. Ach síleadh gur mó an tairbhe a d'fhéadfaí a bhaint as Béarla.



Leigheas na bhfaithní

Some medieval Irish remedies for warts.

Tá an méid seo le fáil mar ghluais sa lámhscríbhinn a dtugtar Rawlinson B.488 uirthi, annálacha a thagann anuas go dtí an 15ú haois agus atá anois sa *Bodleian Library* in Ollscoil Oxford.¹ Má tá faithní ort, ag seo cuid de na modhanna leighis. (Tá an litriú nuachóirithe.)

Do leigheas na bhfaithní .i. cuir cosa circe faoi ghríosaibh agus cuir craiceann na gcos sin i dteas maith um na faithníbh; *item*, rúsc saileach arna loscadh, measc in aigéad agus cuir orthu ga seilide dheirg .i. an sú a thiocthas as sin agus cuir salann tríd, agus scriosfaidh [sé] iad; *item*, marbhdhraigheann do bhruith maille le haigéad agus salann tríd agus a cur orthu, agus íocfaidh [sé]...

¹ *Miscellaneous Irish Annals*, eag. Séamus Ó hInnse. The Dublin Institute for Advanced Studies, Dublin, 1947, lch xvii.

Uileag de Búrca agus an Ghaeilge

Despite the decline of Irish throughout the 19th century, it did not lack educated and enthusiastic champions. Among them was the Rev. Ulick Bourke.

Is beag cáil atá ar an gCanónach Uileag de Búrca anois, ach rinne sé éacht éigin lena linn ar son na Gaeilge. Eisean a chuir amach an *College Irish Grammar* (1856) agus *Easy Lessons Or Self-Instruction in Irish* (c. 1860).² I gCo Mhaigh Eo a rugadh é sa bhliain 1829, agus ba dheacair dó, mar sin, gan a bheith ina chainteoir dúchais. Bhí sé ar an dream a tháinig le chéile i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1877 chun *The Society for The Preservation of The Irish Language* a bhunú, cumann nár mhair i bhfad ach a chuidigh le caomhnú eagraithe na teanga a choinneáil ar siúl roimh bhunú Chonradh na Gaeilge. Bhí baint ag an gCanónach féin leis an *Gaelic Union* agus leis an *Ossianic Society*.

I Maigh Nuad a bhí an Canónach nuair a cuireadh an *Grammar* amach, agus ar mhic léinn an choláiste sin a bhí sé dírithe.

The first motive that induced me to write an Irish grammar was, to supply a want under which my fellow students in Maynooth College, have laboured in the study of their mother tongue. They, and all who have studied here, know much a work of this kind was required. And if it be useful to the students of Maynooth, - as it is confidently expected it will - must it not be equally useful to the students of Ireland's Catholic University, who, in facilities for acquiring a knowledge of the Irish tongue, have not been more fortunate than the clerical sons of our own Alma Mater.

Fiafraíonn an Canónach cén fáth a bhfuil an ghnáthdhaoine ag tréigean na teanga, agus is é an freagra atá aige gurb áil leo teanga na haicme is oilte a labhairt, nach múintear Gaeilge sna scoileanna Náisiúnta agus nach bhfuil fáil ag daoine ar ghraiméir sholáite shimplí shaora. Deir sé go raibh rún aige graiméar den teanga bheo a chur ar fáil agus gur le caint Chonamara a chloígh sé, mórán, sa saothar seo: *Tá ceart agus blas ag an gConnachtach*.

Graiméar tagartha is ea an *College Irish Grammar*, agus é cuimsitheach go leor: cuirtear síos ar na fuaimeanna, ar an litriú agus ar an gramadach, agus déantar léiriú ar stair na teanga agus ar rialacha casta an dáin dhírigh. Is léir gur caith an t-údar dúthracht leis an obair. Is trua, mar sin, nár éirigh leis an t-ábhar a chur in iúl go simplí agus go héasca.

Derivations are either of two, three or four syllables. Now, the first part of the derivative must, certainly, be spelled like the root from which it sprung; and the second part, according to that termination indicated by the part of speech under which the new word may be classed: ex. from **cruth** is formed the word **cruthuigh**, *create*, verbal termination, **-uigh** for the imperative; **uighim**, for the indic. present 1st. person; which, the learner after knowing how to conjugate the verbs, will be able to spell, the whole word is properly spelled.

An té a raibh Laidin aige (agus bhí Laidin ag na mic léinn go léir) bheadh sé in ann adhmaid éigin a bhaint as seo, ach go fiú sa chás sin ní chuirfeadh an stíl chnapánach aon fhonn mór foghlama ort.

Tugtar samplaí de véarsaíocht chomhaimseartha Ghaeilge - amhráin le Thomas Moore, d'fhormhór, agus iad aistriithe go Gaeilge ag an Dr Seán Mac Éil. B'fhéidir gur shíl an Canónach go dtaitneodh a leithéidí leis na léitheoirí níos mó ná fíoramhráin na ndaoine, agus b'fhéidir go raibh an ceart aige. Ní foláir a chur san áireamh freisin gurbh fhurasta teacht ar aistriúcháin an Easpaig. Ar an taobh eile de, is cosúil go raibh fíorspéis aig an údar sa tseanlitríocht: tugtar mionchuntas ar an dán díreach, agus a lán samplaí ann leis an ábhar a léiriú.

² *College Irish Grammar*, Rev. Ulick J. Bourke. John O'Daly, Dublin, 1856.

Easy Lessons or Self-Instruction in Irish, Rev. Ulick J. Bourke. M.H. Gill & Son, Dublin.

Tháinig an dara leabhar, na *Simple Lessons*, amach agus an Canónach ina Ollamh le Gaeilge i gColáiste Iarfhilthá i dTuaim.³ Foilsíodh na ceachtanna ar *The Nation* ar dtús, agus deir an t-údar linn go raibh an oiread sin éilimh ar an ábhar gurbh fhiú leis é a fhoilsiú ina leabhar. Foilsíodh trí heagrán ar feadh cúig bliana, a deir sé, agus tá dearcadh dóchasach aige i leith na teanga: deir sé go bhfuil na mílte in ann í a léamh agus a scríobh ar fud Chúige Chonnacht, cé go rabhtas ag rá deich mbliana roimhe sin go raibh a seal tugtha. (Is díol spéise é gur ordaigh Sionad Cúigeach Thuama go gcuirfeadh sagairt ranganna Gaeilge ar bun ar fud Chúige Chonnacht. Chuirfeadh sin go mór leis an líon léitheoirí, má tharla, ach ní dócha gur cuireadh an t-ordú i bhfeidhm.) Admhaíonn an Canónach nach bhfuil an teanga saor ó bhaol. Déantar tagairt don ‘horrible materialism’ atá le brath sa cheist: Cén mhaith atá sa Ghaeilge? Níl de reiteach ag an údar ar an gceist sin ach grá dúchais, réiteach nár leor lena linn chun meath na teanga a bhacadh.

Is cosúil leagan amach an leabhair le leagan amach a leithéidí eile inniu: foclóir, gramadach, cleachtanna agus aistriúcháin. Mar sin féin, is minic an tsimplíocht agus an tsoiléire de dhíth air. Leabhar é a chuirfeadh an foghlaimeoir chun a mhiotail, cé go bhféadfadh sé tairbhe éigin a bhaint as le dian-iarracht foighne. Is iad na cleachtanna an chuid is fearr de (agus is greannmháire uaireanta): ag seo sampla díobh.

1. A Alastrin, raibh tu aig scoil, an iudh? 2. Bhidheas; ní maith liom a bheith lá air bith ó scoil. 3. Ní cóir do fhear óg air bith, mar táir-se, a bheith lá ó scoil agus ann a chumas a bheith ann. 4. Tá súil agam go bh-fuil tu aig leigheadh ealadhan árd? 5. Maise, ní bh-fuilim, acht amháin iad so a tá coitchean, mar tá scríobhadh, leigheadh, cruine-eoluis agus graimméir, a’s neithe de’n t-samhail sin, mar aon le teanga Sacs-bheurla, Greug-bheurla, Fraincis, agus Laidin.

Bhí ar an Canónach de Búrca dul i muinín na síntiúsóirí - 246 díobh - chun an leabhar a chur i gcló. Sagairt ba ea a bhformhór mór, ach fuarthas síntiúis ó ardfheidhmeannaigh na Corónach – an Leasrí, an Tiarna Seansailéara agus eile: comhartha nárbh ábhar conspóide an teanga ag an am ach ceist sheandálaíochta. (Ceithre cóip a bhí ón Leasrí, cé nach dócha gur thug sé an ruathar léite féin orthu.) Fuarthas síntiúis ó na heaspaig, ó chúpla foras cultúrtha (an *Gaelic-speaking Institute* i mBaile Átha Cliath, mar shampla) agus scata daoine eile. Tháinig síntiúis eile chuige ó chúig dhuine dhéag d’fhoireann Mhaigh Nuad agus ó chúig mhac léinn is tríocha.

Bhí suim ag an gCanónach i gcúrsaí litrithe; chuir sé béim ar an riaiil *caol le caol agus leathan le leathan*, gan dul thar fóir leis. Mhol sé go socrófaí litriú na Gaeilge, agus tá a litriú féin chomh rialta agus chomh soiléir is ab fhéidir leis a bheith ag an am, cheal foclóir nua-aoiseach. Ní féidir anseo an cló maisiúil Gaelach a d’úsáid sé a thaispeáint, cló a bhí, dar leis, i bhfad níos oiriúnaí do nádúr na teanga ná an cló Rómhánach; d’aontódh daoine éigin leis i gcónaí.

Ba é an Canónach de Búrca, freisin, a rinne eagrán nua de sheanmóirí an Dr Seán Ó Gallchobhair. San 18ú haois a cumadh iad ach bhí glaoch orthu fós, agus bhí fonn ar an gCanónach a chomhshagairt a chur ag tabhairt seanmóirí sa teanga dhúchais.

Fuair sé bás sa bhliain 1887: timpeall deich mbliana ina dhiaidh sin bhí an Athbheochan faoi lán seoil. Bhí líon na gcainteoirí dúchais ag laghdú gan stad, ach bhí cos i dtaca ag an teanga sna bailte móra, rud a mbeadh an-tábhacht leis feasta. B’fhéidir gur mhó dúthracht an Chanónaigh ná an toradh a bhí ar a chuid oibre, cé gur deacair é sin a dhearbhuí anois; ach ar shlí amháin nó ar shlí eile tá rian a ndearna a leithéidí le haithint ar an dara hAthbheochan atá anois againn. Agus tháinig a ghraiméar agus a chuid ceachtanna chomh fada leis an Astráil, léiriú eile ar stair dhomhanda na teanga.

³ Bheadh sé suimiúil a fháil amach cad a bheadh idir lámha ag a leithéid d’Ollamh agus conas a bhí an teanga á múineadh. Bhí Ollamh le Gaeilge i Maigh Nuad freisin, cé gur chosúil nárbh fhearrde an teanga é.

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun ColinG.Ryan@ato.gov.au

If you do not want to receive further editions of this newsletter, please send a message accordingly to ColinG.Ryan@ato.gov.au